Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13302/22**

**ENV 982**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rún an Choimisiúin chun tús a chur leis an bplé maidir le bheith páirteach, thar ceann an Aontais, sa Chomhghuaillíocht Ard-Uaillmhéine chun deireadh a chur le Truailliú Plaisteach<br>- Údarú chun caibidlíocht a dhéanamh |

1. An 29 Iúil 2022, chuir an Coimisiún nóta faoi bhráid na Comhairle ina leagtar amach go raibh rún aige tús a chur le plé maidir le bheith páirteach, thar ceann an Aontais, sa Chomhghuaillíocht Ard-Uaillmhéine chun deireadh a chur le Truailliú Plaisteach (HAC). Scaipeadh an nóta ar na Ballstáit in 11716/22.

2. Tá sé d'aidhm ag HAC tacú leis an gcaibidlíocht idir-rialtasach, bunaithe ar rún 5/14 ó Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEA), maidir le hionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí chun deireadh a chur le truailliú plaisteach. Cuirfear tús leis an gcaibidlíocht sin an 28 Samhain 2022. Sheol an Iorua agus Ruanda an Chomhghuaillíocht an 23 Lúnasa 2022. Is féidir le comhaltaí nua a bheith páirteach tráth ar bith.

3. Measfar HAC a bheith ina ionstraim neamhcheangailteach (NBI) ina bhfuil gealltanais pholaitiúla[1]. Is é an nóta thuasluaite ón gCoimisiún an chéad chéim (ullmhúcháin) sa nós imeachta NBI.

[1] I gcomhréir leis na Socruithe idir an Coimisiún agus an Chomhairle maidir le nósanna imeachta neamhcheangailteacha, mar a leagtar amach in 15367/17 iad.

4. Phléigh an Mheitheal um Shaincheisteanna Idirnáisiúnta i leith an Chomhshaoil (Domhanda) an nóta ag an gcruinniú a bhí aici an 27 Meán Fómhair 2022 agus chuir sí in iúl ina dhiaidh sin go dtacaíonn sí le rún an Choimisiúin trí nós imeachta neamhfhoirmiúil an tosta an 29 Meán Fómhair 2022.

5. Scrúdaigh an Mheitheal um an gComhshaol an nóta ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2022. Chomhaontaigh na toscaireachtaí rún an Choimisiúin mar a leagtar amach sa nóta thuasluaite é.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe formheas a dhéanamh ar rún an Choimisiúin tús a chur leis an bplé maidir le bheith páirteach, thar ceann an Aontais, sa Chomhghuaillíocht Ard-Uaillmhéine chun deireadh a chur le Truailliú Plaisteach, mar a leagtar amach in 11716/22 é, agus an rún sin a chur ar aghaidh chuig an gComhairle le go bhformheasfar rún an Choimisiúin a leagtar amach ann ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.